# Seimineáir maidir le Curaclam na Bunscoile

## Tuarascáil Sintéise

NCCA
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

Samhain 2019

# Clár an Ábhair


Réamhrá 4

Téamaí an Athbhreithnithe ar Churaclam na Bunscoile: 6

Téama 1-Cuspóir morálta 7

Téama 2-Gníomhaíocht múinteora 7

Téama 3-An comhthéacs/timpeallacht foghlama 7

Téama 4- Comhairliúchán le linn na gcéimeanna forbartha agus feidhmiúcháin 8

Téama 5-Ailíniú Curaclaim 8

Téama 6-Oideolaíocht Spraíúil 9

Téama 7- Smaointeoireacht chomhleanúnach 9

Conclúid 10

Aguisín 1: Eagraíochtaí na bPáirtithe Leasmhara 11

Aguisín 2: Seimineáir agus Cuir i Láthair na nEochairchainteoirí 14

# Réamhrá

Tá an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) ag déanamh athbhreithniú agus athfhorbairt ar churaclam na bunscoile.  Táimid ag obair le múinteoirí agus cleachtóirí luath-óige, ceannairí scoile, tuismitheoirí agus páistí, comhlachtaí bainistíochta, taighdeoirí agus páirtithe leasmhara eile chun curaclam ardchaighdeáin a fhorbairt don 10-15 bliana romhainn. Is gá dúinn a chinntiú go mbeidh curaclam bunscoile againn amach anseo atá in ann leanúint d'eispéiris chuí agus spéisiula a chur ar fáil do pháistí, éispéiris a chuirfidh lena n-óige agus, níos faide ar aghaidh, lena n-aosacht.  Ag cur cúrsaí comhthéacs san áireamh, is éard atá i gceist leis an obair ná plé ar chuspóir, struchtúr agus ábhar curaclaim bunscoile athfhorbartha. Baineann trí shnáithe leis an obair seo: 1) Ag obair le scoileanna, (2) Taighde agus (3) Seimineáir (Féach Figiúr 1). Bíonn tionchar ag gach snáithe ar a chéile.

**Figiúr 1: Na trí shnáithe d'athbhreithniú agus athfhorbairt ar an gcuraclam**





Baineann obair an CNCM an-leas as taighde agus, ar an ábhar sin, scríobh taighdeoirí náisiúnta agus idirnáisiúnta sraith de pháipéir thaighde ghearra maidir le príomhghnéithe curaclaim bunscoile athfhorbartha. Tugtar tacaíocht sna páipéir thaighde seo do rannpháirtíocht san athbhreithniú agus san athfhorbairt ar churaclam na bunscoile. Is féidir teacht ar na páipéir thaighde anseo. Táimid ag obair chomh maith le bunscoileanna, iar-bhunscoileanna agus

réamhscoileanna ar fud na tíre. Le chéile, léiríonn na scoileanna seo éagsúlacht shaibhir na gcomhthéacsanna scoile agus is iad atá i bhFóram na Scoileanna.

Rinne an CNCM cúig sheimineár curaclaim a reáchtáil idir Márta 2018 agus Eanáir 2019. Tugadh cuireadh dár gcomhpháirtithe oideachais agus do pháirtithe leasmhara i gcoitinne (Féach Aguisín 1) freastal ar na seimineáir agus ba bhaill d'Fhóram na Scoileanna iad go leor de na múinteoirí, ceannairí scoile agus cleachtóirí luath-óige a d'fhreastail orthu. Ag na seimineáir, tugadh deis do rannpháirtithe na príomhphointí ag éirí as na páipéir thaighde a mheas agus na pointí seo a phlé agus a scagadh ó pheirspictíochtaí éagsúla (Féach Figiúr 2). Ag gach seimineár dhírigh eochairchainteoirí (Féach Aguisín 2) ar ghné thábhachtach de curaclam na bunscoile. Ba iad seo a leanas na seimineáir:

1. An chéad seimineár: Athbhreithniú agus Athfhorbairt ar Churaclam na Bunscoile
2. An dara seimineár: Oideolaíochtaí Cumhachtacha
3. An triú seimineár: Ag tacú le Leanúnachas agus Dul Chun Cinn Foghlamtha idir an Réamhscoilaíocht agus na Luath Blianta sa Bhunscoil
4. An cheathrú seimineáir: Teoiricí Foghlama
5. An chúigiú seimineáir: Ag Amharc Chun Cinn

**Figiúr 2: Páirtithe leasmhara a ghlac páirt sna seimineáir churaclaim**




# Téamaí an Athbhreithnithe ar Churaclam na Bunscoile: Seimineáir 1-5

Aithnítear sa tuarascáil seo seacht téamaí a tháinig chun cinn sna chúig sheimineár maidir le hathfhorbairt an churaclaim. Baineann na téamaí seo le ceisteanna ginearálta a mheas rannpháirtithe a bheith ábhartha maidir le próiseas agus torthaí na hathfhorbartha. Áirítear leo tuairimí maidir le himpleachtaí an athchóirithe ar an gcóras, tionchar na n-athruithe molta ar phobail múinteoirí agus scoile agus na hiarmhairtí don Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL) agus d'oiliúint tosaigh múinteoirí (OTM).

Tá na téamaí seo le léamh thíos agus tháinig téamaí áirithe chun cinn níos minicí ná téamaí eile. Mar gheall ar sin, tá téamaí áirithe níos faide níos téamaí eile.

## Téama 1-Cuspóir morálta

Téama ar tugadh athspléachadh air ag na seimineáir éagsúla ná cuspóir morálta an churaclaim agus na luachanna a chumhdaítear ann. Tríd is tríd, creideadh gur chóir béim a chur ar an ngné shóisialta den churaclam agus a luachanna a chur in iúl i bhfriotal glan soiléir. Maidir le torthaí do pháistí, d'aithin rannpháirtithe áirithe an tábhacht a bhain le foghlaim bunaithe ar fhiosrú chun na scileanna breithiúnacha sin a fhorbairt a theastaíonn agus na páistí ag plé le heolas, chun gur féidir leo eolas a shealbhú agus tuiscint a fhorbairt. Chomh maith leis sin, breathnaíodh ar fholláine na bpáistí mar phríomhghné den churaclam, gné a chuideodh le páistí tuiscint a fháil ar a bhfreagracht shóisialta, mar shaoránaigh i ndomhan atá ag éirí níos leochailí lá i ndiaidh lae. Tacaíonn na tuairimí seo le hionchuimsiú mórthorthaí foghlama, a chuideoidh le fócas an churaclaim a athrú ó chuspóirí ábhair i dtreo próisis agus tuisceana.

## Téama 2-Gníomhaíocht múinteora

Buairt a tháinig chun cinn ag na seimineáir ar fad, bealach amháin nó bealach eile, ná ceist mhearbhlach na gníomhaíochta múinteora, go háirithe an dúshlán a bhaineann leis an leibhéal ceart gníomhaíochta a aimsiú. Mar shampla, dá mbeadh an curaclam dírithe ar mhórthorthaí foghlama in ionad cuspóirí ábhair mionsonraithe agus saintreoracha, bhraith múinteoirí gur athrú dearfach a bheadh ann ó thaobh an neamhspleáchais de, ach bhí imní orthu go mbainfeadh freagracht bhreise maidir le hábhar agus oideolaíocht le hathrú den chineál sin. Is mian le múinteoirí go dtabharfaí aitheantas do ghairmiúlacht agus do neamhspleáchas an mhúinteora agus na scoile, ach ba mhinic an mhian seo maolaithe ag an mbuairt go dteastaíonn ó na múinteoirí go mbeadh treoirlínte agus eiseamláirí ag tacú lena gcuid roghanna. Baineann an bhuairt seo le hoiliúint tosaigh múinteoirí (OTM) agus le forbairt ghairmiúil leanúnach (FGL) le linn na céime feidhmiúcháin.

## Téama 3-An comhthéacs/timpeallacht foghlama

Rinneadh plé sna seimineáir ar an gcomhthéacs ina gcuirfí curaclam bunscoile athfhorbartha i bhfeidhm. Mar shampla, d'áitigh rannpháirtithe gur léiriú iad spásanna fisiciúla na seomraí

ranga ar na luachanna a chumhdaítear sa churaclam, bídís spásanna gníomhacha ina mbeadh saoirse ag na páistí nó spásanna ina ndéanfaí éascaíocht ar fhoghlaim bunaithe ar fhiosrú. Maidir le leanúnachas curaclaim sna hearnálacha trí chéile, bhí cuid de na rannpháirtithe den tuairim gur gá tuilleadh a dhéanamh laistigh den chóras chun plé idir na hearnálacha éagsúla a chur chun cinn, go háirithe idir suíomhanna luath-óige agus bunscoileanna, agus chun a chinntiú gur lú an difear idir cáilíochtaí agus coinníollacha oibre na gcleachtóirí luath-óige agus cáilíochtaí agus coinníollacha oibre a gcomhghleacaithe sna bunscoileanna.

## Téama 4- Comhairliúchán le linn na gcéimeanna forbartha agus feidhmiúcháin

Chuir rannpháirtithe fáilte roimh dheiseanna foghlaim ó na peirspictíochtaí a léirítear i dtaighde agus ó dhearcthaí páirtithe leasmhara eile. Leag siad béim ar an ngá a bhí ann a chinntiú gur comhairliúchán gníomhach agus forleathan a bheadh ann i rith na céimeanna forbartha agus feidhmiúcháin. I dtaca leis seo, aithníodh an tábhacht a bhaineann le rannpháirtíocht leanúnach an CNCM le bunscoileanna, iar-bhunscoileanna agus réamhscoileanna trí Fhóram na Scoileanna, atá seanbhunaithe anois. Bhí rannpháirtithe ag Seimineár 5 an-tógtha leis an gcaoi ar tugadh isteach an curaclam nua sa Bhreatain Bheag ar bhonn céimnitheach – cuireadh ar fáil do na scoileanna é in 2020, ach níor ghá é a chur i bhfeidhm go dtí 2022 – rud a thug am agus spás do scoileanna a dtuiscint ar stíl, ábhar agus cuspóir an churaclaim a fhorbairt.

## Téama 5-Ailíniú Curaclaim

I dtaca le hailíniú curaclaim agus leanúnachas ar fud na n-earnálacha, d’áitigh cuid de na rannpháirtithe gur gá tuilleadh a dhéanamh laistigh den chóras chun plé idir na hearnálacha éagsúla a chur chun cinn, go háirithe idir suíomhanna luath-óige agus bunscoileanna, agus chun a chinntiú gur lú an difear idir cáilíochtaí agus coinníollacha oibre na gcleachtóirí luath-óige agus cáilíochtaí agus coinníollacha oibre a gcomhghleacaithe sna bunscoileanna.

Measadh tábhacht ar leith a bheith leis an gcineál seo plé i gcomhthéacs aistrithe ardchaighdeáin ó shuíomhanna luath-óige go dtí an bunscoil.

## Téama 6-Oideolaíocht Spraíúil

Ag na seimineáir ar fad, bhí tábhacht nach beag leis an bplé ar an oideolaíocht. Ba mhinic a bhíodh an plé seo dírithe ar an nasc idir oideolaíocht agus forbairt scileanna páistí, go háirithe forbairt na scileanna breithiúnacha sin a theastaíonn chun gur féidir le páistí fás aníos go sábháilte i dtimpeallacht atá casta agus lán le heolas. D'áitigh cuid mhaith de na rannpháirtithe gur fearr seo a dhéanamh trí mheán oideolaíocht spraíúil a chothaíonn foghlaim bunaithe ar fhiosrú. Bhí an oideolaíocht lárnach sa phlé maidir le luachanna agus gníomhaíocht múinteora i Seimineár 1; i Seimineár 3, ardaíodh ceist an leanúnachais oideolaíochta, ón réamhscoil go dtí an bhunscoil agus ó na ranganna sóisearacha sa bhunscoil go dtí na cinn shinsearacha; i seimineár 4, rinneadh éileamh ar shamplaí praiticiúla de theoiric na foghlama, rud a léirigh an gá le comhthuiscint ar an oideolaíocht, go háirithe an oideolaíocht spraíúil; bhí Seimineár 5 dírithe ar mheasúnú, foghlaim agus teagasc, agus béim á leagan dá réir ar thábhacht an mheasúnaithe mar chuid lárnach den oideolaíocht, seachas díreach mar rud breise. Bhraith cuid de rannpháirtithe na seimineár gur gá dúshlán a thabhairt do mhíthuiscintí i dtaobh nádúr agus luach na hoideolaíochta súgradhbhunaithe, ag áitiú gur rómhinic a thagraítear dá leithéid i gcomhthéacs seisiún súgartha neamhstruchtúrtha, mar chineál sos ón 'bhfíorfhoghlaim'. Measadh gur rómhinic a fheictear a leithéid mar rud a fheileann do pháistí níos óige ach ar chóir a bheith fágtha ina ndiaidh agus iad i mbun na 'fíorfhoghlama' níos déanaí. Le linn na seimineár comhairliúcháin seo, bhí na buarthaí sin i dtaobh na hoideolaíochta chomh forleathan sin go dtugann sé le fios gur gá don CNCM ceannaireacht ar leith a léiriú ina thaobh seo, b'fhéidir i gcomhpháirt le soláthróirí FGL na múinteoirí.

## Téama 7- Smaointeoireacht chomhleanúnach

Agus tábhacht ar leith ag baint le céim cur chun feidhme an churaclaim, leag cuid mhór de na rannpháirtithe béim ar an tábhacht a bhaineann le freagairt uile-chórais ar bhainistíocht

athruithe. Dhírigh siad aird ar leith ar 'ullmhacht chun feidhmithe', agus smaointeoireacht chomhleanúnach ag teastáil i dtaobh na nithe seo a leanas:

- Fhorbairt Ghairmiúl Leanúnach agus Oideachas Tosaigh do Mhúinteoirí
- cuairteanna cigireachta ag an Roinn Oideachais agus Scileanna a thacaíonn leis an gcuraclam athfhorbartha agus le múinteoirí/scoileanna
- luachanna agus torthaí a bheith curtha in iúl go soiléir
- acmhainní cuí tacúla a bheith curtha ar fáil
- tacaíocht le haghaidh aistrithe agus le haghaidh plé gairmiúil ar fud na n-earnálacha
- comhairliúchán agus rannpháirtíocht fhorleathan leis na páirtithe leasmhara ar fad, na páistí san áireamh.

# Conclúid

Go ginearálta, cuireadh fáilte roimh an treor a bhí leagtha amach ag an CNCM maidir leis an taighde a bhí foilsithe chun tacú le próiseas na hathfhorbartha. Cuireadh fáilte roimh an deis páirt a ghlacadh sa phróiseas seo.

Is féidir teacht ar na páipéir thaighde ar líne. Tá cuir i láthair na heochairchainteoirí le feiceáil freisin ar líne, chomh maith le tuilleadh eolaís ar phróiseas na hathfhorbartha.

# Aguisín 1: Eagraíochtaí na bPáirtithe Leasmhara

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

An Foras Pátrúnachta

Cumann um Oideachas Drámaíochta in Éirinn

Cumann na nGairmithe Óige

Cumann Ionaid Mhúinteoirí / Oideachais in Éirinn (ATECI)

Cumann Uathachais na hÉireann

Barnardos Éireann

Cumann Bhainisteoirí na mBunscoileanna Caitliceacha

Lárionad Ceannaireachta Scoile

an Chomhghuaillíocht um Chearta Leanaí

Bord Oideachais Eaglais na hÉireann

Cumann Ríomh-Oideachais na hÉireann

an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige

an Roinn Oideachais agus Scileanna (ROS)

Cigireacht ROS

Tionscadal DICE

Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath

Luath-óige Éireann

an tAonad Beartas um Oideachas sna Luathbhlianta

an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta

Ag Foghlaim Le Chéile

Bord Oideachais agus Oiliúna Éireann

Comhlacht Oideachais na hÉireann

an Foras Taighde ar Oideachas

Foras na Gaeilge

Coláiste Hibernia

Rannóg Sláinte agus Folláine FSS

Ionchuimsiú Éireann

Cumann Múinteoirí Éireann

Cumann Corpoideachais Bunscoile na hÉireann

Líonra Príomhoidí Bunscoile Éireann

Ionaid Tacaíochta Oideachais na hÉireann

Lifeways Ireland Ltd

Institiúid Oideachais Marino

Coláiste Mhuire gan Smál

Ollscoil Mhá Nuad

Ionad Chearta na nImirceach in Éirinn

an Gréasán Náisiúnta Leanbhaoise

an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta

an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais

an Clár Náisiúnta Ionduchtaithe do Mhúinteoirí

an tOmbudsman do Leanaí

PLÉ

an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí

Cumann Ríoga na Ceimice

Safefood (Bord Cothaithe Sábháilteacht Bhia na hÉireann)

Fondúireacht Eolaíochta Éireann

Líonra OSPS

Aontas Múinteoirí Éireann

an Chomhairle Mhúinteoireachta

The Ark

an tÚdarás Náisiúnta Míchumais

TUSLA - an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach

Coláiste na hOllscoile, Corcaigh

An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath

# Aguisín 2: Seimineáir agus Cuir i Láthair na nEochairchainteoirí

| Seimineáir | Cuir i Láthair na nEochairchainteoirí |
|---|---|
| Seimineár 1: ***Cuspóir an Churaclaim*** | ▪ Dr Thomas Walsh, Ollscoil Mhá Nuad – Athbhreithniú ar an Réamhrá le Curaclam na Bunscoile (1999)<br>▪ Dr Jones Irwin, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath – Tosaíochtaí agus luachanna na sochaí |
| Seimineár 2: ***Sineirgí Cumhachtacha*** | ▪ An tOllamh Louis Volante, Ollscoil Brock – Oideolaíocht agus Meitichleachtais<br>▪ Dr Karin Bacon, Institiúid Oideachais Marino – Comhtháthú Curaclaim<br>▪ An tOllamh Emerita Carol McGuinness, Ollscoil na Ríona – Inniúlachtaí an 21ú haois<br>▪ An tOllamh Dominic Wyse, University College London – Ról an eolais i gcuraclaim |
| Seimineár 3: ***Deiseanna Nua*** | ▪ Bernie McNally, an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige – Comhthéacs agus forbairtí polasaí i soláthar oideachais luathbhlianta<br>▪ Dr Harold Hislop, an Roinn Oideachais agus Scileanna – An soláthar reatha agus na dúshláin amach romhainn i dtaca le heispéiris foghlama sna luathbhlianta<br>▪ An tOll. Emer Smyth, an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta – An t-aistriú go dtí oideachas na bunscoile<br>▪ Dr Alejandra Cortázar, CEPI, an tSile – Ailíniú agus forchéimniú curaclaim |
| Seimineár 4 ***Ag Cur le hAistir Foghlama*** | ▪ Dr Emer Ring, Dr Lisha O'Sullivan, Marie Ryan agus Patrick Burke, Coláiste Mhuire gan Smál – Teoiricí foghlama<br>▪ CNCM – Dearcthaí na dtuismitheoirí |
| Seimineár 5: ***An Bealach Chun Cinn a Leagan Amach*** | ▪ Sharon O'Donnell – Curaclaim bhunscoile idirnáisiúnta<br>▪ An tOll. Michael O'Leary agus Dr Zita Lysaght, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath – Measúnú, foghlaim agus teagasc a ailíniú in athchóiriú agus feidhmiú curaclam |

NCCA